Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Aighneacht Gaeloideachas

Ag freagairt don chomhairliúchán

Creat Náisiúnta um Threoir

Feabhra 2023

1. Réamhrá

Is mian le Gaeloideachas aighneacht a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais ag freagairt do chuireadh ar aighneacht maidir le Creat Náisiúnta um Threoir.

Fáiltíonn Gaeloideachas, mar eagraíocht náisiúnta ionadaíochta na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta roimh an deis aighneacht a chur chuig an Roinn ar an gceist seo agus d'fháilteoimis roimh an deis breis plé agus comhairliúchán a dhéanamh leis an Roinn mar a bhaineann le forbairt an Chreat i gcomhthéacs an oideachais lán-Ghaeilge.

Fáiltíonn Gaeloideachas go mór roimh fhorbairt creata don threoir fadsaoil agus fáiltítear roimh an sprioc go mbeadh córas agus cur chuige comhtháite ann agus go mbeidh treoirlínte údarásacha ann do scoileanna. Tacaíonn Gaeloideachas le tuarascáil Indecon (2019), ar a bhfuil obair an chreata Náisiúnta um Threoir bunaithe, a léirigh gur ceist chriticiúil i comhordú na ngíomhaíochtaí agus na bhforbairtí éagsúla i réimse na Treorach chun clár rathúil comhtháite a chur ar fáil do gach foghlaimeoir.

2. Comhthéacs Ginearálta

Aithnítear go bhfuil teannas agus coimhlint laistigh den ról sa mhéid is go gcuimsítear treoir gairme mar aon le treoir phearsanta. Tá fairsinge an ról thar a bheith uaillmhianach agus tá ceist ann faoi chumas an chórais plé go héifeachtach agus go cuimsitheach leis na róil faoi seach chun seirbhís fhiúntach agus riachtanach a chur ar fáil do scoláirí.

Tá Gaeloideachas buartha faoin easpa seirbhíse treorach do na scoileanna speisialta. Is ceist cearta agus cothromaíochta í seo agus ba ceart na deiseanna a bheith ar fáil do gach uile scoláire, agus de réir a gcumas agus na bhféidearthachtaí dóibh.

3. Comhthéacs an Oideachais lán-Ghaeilge

Tá nádúr agus comhdhéanamh an róil níos dúshlánaí sa chóras mean-Ghaeilge ná mar atá sa chóras mean-Bhéarla. Tá ceist ollmhór ann faoi chumas an chórais na seirbhísí Scoile agus na seirbhísí tacaíochta tanáisteacha a sheachadadh go sásúil agus go héifeachtach trí Ghaeilge.

Ghlac Gaeloideachas páirt i ngrúpa fócais de chuid na Roinne ar an 17 Eanáir 2023 ar an gceist seo, tráth a thug ionadaí na heagraíoctha, an tArdfheidhmeannach le fios go raibh easnamh ann ó thaobh eolais maidir le cumas agus acmhainneacht na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta tabhairt faoin ról reatha mar atá leis an leibhéal tacaíochta atá ar fáil dóibh. Ag eascairt as an gcruinniú, scaip Gaeloideachas suirbhé ar na hiarbhunscoileanna ar an gceist, ach faraor, níorbh leor an ráta freagartha le go bhféadfaí é a úsáid mar bhunús don aighneacht seo. Sin ráite, tuigeann Gaeloideachas óna cuid plé le scoileanna agus le heagraíochtaí oideachais / Gaeilge eile gur ról dúshlánach é laistigh de chóras atá an-chasta.

4. Dúshláin reatha

I measc na ndúshlán reatha, áirítear:

i. Easpa eolais comhtháite maidir le cosáin gairme trí Ghaeilge.
ii. Easpa deiseanna dul chun cinn gairme a dhéanamh, i gcomórtas le deiseanna in earnáil an Bhéarla
iii. Easpa deiseanna do mhúinteoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge / Gaeltachta oiliúint agus forbairt ghairmiúil chuí a fháil trí mheán na Gaeilge ar an ról seo agus oiliúint atá spriocdhírithe ar riachtanais scoláirí atá sa chóras tumoideachais / lán-Ghaeilge.
iv. Níl saoloibre.ie ar chomhleibhéal le careerportal.ie, rud a chruthaíonn íomhá do scoláirí nach bhfuil an luach ná na deiseanna céanna ar fáil san earnáil lán-Ghaeilge.
v. Moltar go ndéanfaí anailís iomlán ar chomhdhéanamh an róil I gcomhthéacs chomh huaillmhianach is atá sé 3 mhórghné a bheith mar chuid d'aon ról amháin.
vi. Tá riachtanais na scoláirí ag méadú go suntasach (gach scoil) do thacaíocht folláine / meabharshláinte, go háirithe mar a bhaineann le dúshláin scoilteacha. Tá liostaí feithimh le haghaidh seirbhísí stáit ina bhac iomlán ar sheachadadh seirbhísí dóibh siúd a bhfuil sé de dhíth orthu. Tá an dúshlán seo níos measa san earnáil lán-Ghaeilge, áit a bhfuil riachtanas teanga sa mbreis ann. Ní ann do na seirbhísí síceolaíochta / tacaíochta atá de dhíth as Gaeilge.
vii. Tá géarghá le tacaíocht bhreise sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta chun cabhrú le daltaí tabhairt faoin bpróiseas aistriúcháin ón mbunscoil go dtí an iarbhunscoil lán-Ghaeilge. Do pháistí le riachtanais bhreise oideachais, tá géarghá le córas comhtháite náisiúnta chuige seo.
viii. Tá deiseanna á gcailliúint naisc a chruthú leis an earnáil tionsclaíoch / gairmeacha eile chun daltaí a spreagadh ina dtreo. Tá an tréimhse thaithí oibre san idirbhliain ina dheis orgánach tábhachtach ach tá na roghanna seo ag brath an-chuid ar phobal na scoile faoi seach. Ciallaíonn sé seo go bhfuil deiseanna do ghairmeacha le Gaeilge teoranta, nó más ceantar DEIS í, deiseanna taithí oibre teoranta mura bhfuil fostaíocht láidir sna ceantair lena mbaineann.

5. Moltaí Gaeloideachas

i. I bhfianaise castacht an chórais agus na fachtóirí uile lena mbaineann sa chóras trí chéile, moltar go mbeadh anailís déanta agus straitéis forbartha a dhíríonn ar na sainriachtanais a bhaineann le ról na gcomhairleoirí treoracha, agus a dhíríonn ar riachtanais na ndaltaí agus an phobail Ghaeilge agus Gaeltachta i scoileanna T1 na tíre.

ii. Tá géarghá le hinfheistíocht suntasach stáit i bhforbairt seirbhísí síceolaíochta mar thacaíocht do scoláirí agus daltaí bunscoile atá sa chóras lán-Ghaeilge agus atá á dtógáil le Gaeilge.

iii. Ní mór feabhas agus forbairt shuntasach a dhéanamh ar chaighdeán na seirbhísí agus na n-acmhainní treorach trí Ghaeilge agus ar an eolas faoi ghairmeacha/deiseanna le Gaeilge le fócas ar riachtanais réimse níos leithne daoine - daltaí agus comhairleoirí treoracha a chur ar an eolas faoi roghanna printíseachta, cúrsaí PLC, cúrsaí rochtana agus cúrsaí tríú leibhéal, a d'fhéadfadh a bheith tarraingteach agus tábhachtach do phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge.

iv. Tá deis láidir ann don earnáil trí anailís a dhéanamh ar an bhfiúntas a bhainfeadh leis an ngné comhairle phearsanta a cheannach isteach ó sheirbhísí chomhairleoireachta /

síceolaíochta chun an t-ualach agus an fhreagracht ollmhór seo a bhaint ó mhúinteoirí. Ar an gcaoi seo, bheadh an múinteoir ag forbairt agus ag roinnt a shaineolais ar an ngné gairme agus bheadh tacaíochta síceolaíochta neamhspleách ann don scoláire.

v. D'fhéadfaí seirbhísí chomhroinnte treorach sa réimse síceolaíochta idir scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a chur ar bun, rud a chabhródh le caighdeán ard na seirbhísí a chinntiú.

vi. Moltar taighde a choimisiúnú ar na deiseanna atá ann agus ar ceart a bheith ann chun go mbeidh soláthar cothrom agus tarraingteach do phostanna san earnáil lán-Ghaeilge / Ghaeltachta.

vii. Moltar taighde a chur i gcrích maidir leis an gcumas atá ag na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta tabhairt faoin ról mar atá agus anailís móide plean gnímh a fhorbairt ag eascairt as na torthaí, leis na tacaíochtaí a bheadh ag teastáil ag leibhéal na scoile chun a chinntiú go mbeadh Treoir Ar feadh an tSaoil ar ardchaighdeán agus teanga agus Gaeltacht lárnaithe ar fáil do dhaltaí na scoileanna seo.

viii. Níos mó infheistíochta sa suíomh www.saoloibre.ie chun go mbeidh sé ar chomhleibhéal leis an comhionann as Béarla.

ix. Moltar feachtais eolais láidir, stáit mhaoinithe maidir leis an suíomh saoloibre, agus é forbartha mar acmhainn spreagtha go náisiúnta do scoláirí / mic léinn.

x. Tá géarghá le bolscaireacht ar na deiseanna atá ann agus a bheidh ann amach anseo, go háirithe faoin mbliain 2030, tráth a bheidh 20% d'earcaithe chun an Státchóras le cumas a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Anois an t-am leis an mbunchloch dó seo a leagann trí breis cúrsaí a chur ar fáil I réimse leathan an tsaoil. Anois an t-am leis an tuiscint a chruthú agus a chothú i measc múinteoirí treoracha le go rachaidh an tuiscint ar aghaidh chuig an spriocphobal.

xi. Ní mór cur chuige córasach agus comhordaithe ag leibhéal náisiúnta a bheith ann don idirbhliain, le deiseanna do ghairmeacha agus eispéiris éagsúla i saol na Gaeilge. Moltar scéimeanna taithí oibre a chur ar bun tríd an earnáil chun deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoin taithí seo a fháil i suíomh Gaeilge / Gaeltachta.

xii. Tá gá le maoiniú tuisceanach do scoileanna / teaghlaigh nach acmhainn dóibh na deiseanna seo a chur ar fáil dá gcuid páistí atá san idirbhliain / ag cuartú taithí oibre.

xiii. Tá géarghá le droichead soiléir agus láidir idir Rang 6 sna bunscoileanna agus Bliain 1 sna hiarbhunscoileanna chun na próisis a éascú do dhaltaí.

xiv. Tá gá le breis roghanna d'oiliúint tosaigh na gComhairleoirí Treoracha a sholáthar le béim faoi leith ar *Treoir ar Feadh an tSaoil* do Scoileanna Gaeltachta/Lán Ghaeilge ar na cúrsaí oiliúna seo -m.sh modúl faoi leith a bhunú a dhíreodh ar scileanna Gaeilge na gcomhairleoirí treoracha agus ar chomhthéacs Treorach na Scoileanna Gaeltachta/LánGhaeilge.

xv. Ní mór clár iomlán Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a sholáthar do Chomhairleoirí Treoracha (agus Ceannairí) na scoileanna Gaeltachta/LánGhaeilge, a dhíríonn ar a gcuid sainriachtanais féin don chomhthéacs Gaeilge agus a chumasaíonn iad chun naisc a chruthú le tacaíochtaí phobail, leis an earnáil tionsclaíoch Ghaeilge, leis an gcóras pleanála Teanga Gaeltachta srl.

xvi. Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh comhoibirbiú comhtháite ann idir na heagraíochta teanga agus stáit bhunaithe ar fad atá ag plé le cur chun cinn na Gaeilge, le hinbhuanaitheacht na Gaeltachta agus le forbairt oideachais agus treorach na ndaoine óga.